## Cló Parker (1787)



Soraiḋ soir go halbain uaim,
Fa maiṫ raḋarc cuan is gleann,
Farė clann Uisneaċ a seilg,
Aoiḃin suiġe os leirg a mbeann.

Tarla maiṫe Albann ag ól,
Is clann Uisneaċ dar ċóir cion,
Dingean ṫiarna dhun na ttreoin,
Go ttug Naoise pog gan ḟios.

Do ċuir ċuici eilit ḃaoṫ,
Eaḋ alla, ⁊ laoġ re a cois;
Agus do ġaḃ se ċuici air cuairt,
Ag filleaḋ o ḟluaġ Inḃirneas.

Mar do ċuala misi sin,
Lionas mo ċeann lán don eud,
Is teigiom um ċuraċ air tuind,
Fa ċuma liom beo na eug.

Leanaid misi amaċ air ṡnaṁ,
Ainnle is Ardan na ar ċan bréag,
Is fillid misi leo isteaċ,
Dias do ċuireaḋ caṫ air ċeud.

Tug Naoise a ḃriaṫar ḟior,
Is ro luiḋ fo ṫri abfiaḋnuis arm,
Naċ ccuirfeaḋ orm brón
Go ndeaċaḋ air sluaġ na marḃ.

Tug an ḃean sin o ḋún treoin,
A briaṫar ṁór, sa móid mear,
Muna sgarfaḋ sin a téag,
Naċ raċaḋ si fein le fear.

Farewel

William Neilson, *An Introduction to the Irish Language* (Baile Átha Cliath, 1808).